Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Márta 2022
(OR. fr)

7570/22

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0083(NLE)**
**2018/0084(NLE)**

VISA 54
COLAC 16

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí gnáthphasanna<br>– glacadh |

1. An 16 Iúil 2014, chuir an Coimisiún Moladh faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun leasú a dhéanamh ar na comhaontuithe maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta a tugadh chun críche idir an tAontas/an Comhphobal Eorpach agus Antigua agus Barbúda, Barbadós, Comhlathas na mBahámaí, Cónaidhm San Críostóir-Nimheas, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Oileán Mhuirís, agus Poblacht na Séiséal[1].

2. An 9 Deireadh Fómhair 2014, ghlac an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontú lena leasaítear an dá chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí gnáthphasanna.

3. An 31 Deireadh Fómhair 2017, chuir an Coimisiún agus an Bhrasaíl inisealacha leis an dréachtchomhaontú.

[1] COM(2014) 468 final.

4. An 11 Aibreán 2018, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Breasaíle maidir le tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta do shealbhóirí gnáthphasanna[2], mar aon le dréacht-téacs den Chomhaontú sin san iarscríbhinn a ghabhann leis an togra sin[3], agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe chéanna[4].

5. An 26 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir leis an síniú[5]. Bhí mír i dtéacs an Chomhaontaithe ina luaitear nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach sa Chinneadh.

6. Scoir an Ríocht Aontaithe de bheith ina Ballstát den Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020, agus tháinig deireadh leis an idirthréimhse idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas an 31 Nollaig 2020.

7. Tar éis é a chur siar ar dtús, síníodh an Comhaontú thar ceann an Aontais agus Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle an 27 Meán Fómhair 2021. An lá céanna, thug an tAontas fógra don Bhrasaíl trí bhíthin *Note Verbale*, nach gcaitear, de bharr na ngnéithe dá dtagraítear i bpointe 4 den nóta seo, leis an Ríocht Aontaithe mar Bhallstát den Aontas chun críocha an Chomhaontaithe agus nach bhfuil sí, dá bhrí sin, cumhdaithe ag an gComhaontú ná faoi cheangal aige.

8. Is é atá sa Chinneadh maidir leis an gconclúid forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002; níl Éire rannpháirteach ina nglacadh agus níl sí faoi cheangal acu ná faoi réir a gcur i bhfeidhm.

9. I gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle an cinneadh lena dtabharfar an Comhaontú i gcrích, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

---

[2] 7922/18.
[3] 7922/18 ADD 1.
[4] 7923/18.
[5] 13447/18.

10. An 9 Samhain 2021, chinn an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir leis an tabhairt i gcrích agus téacs an Chomhaontaithe a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil.

11. An 24 Márta 2022, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích[6] agus thug sí treoir dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na Brasaíle.

12. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle:

    a) an Cinneadh maidir leis an gconclúid a ghlacadh, mar a leagtar amach in 13448/1/18 REV 1 é, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo;

    b) cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(d) de Rialacha agus Nósanna Imeachta na Comhairle, go bhfoilseofar téacs an Chinnidh thuas, mar aon le téacs an Chomhaontaithe, san Iris Oifigiúil, sraith 'L'.

    Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

---

[6] P9_TA(2022)0096